AN INSTITIÚID EORPACH UM CHOMHIONANNAS INSCNE

# Clár Oibre Bliantúil 2012

*Glactha 5 Deireadh Fómhair*

# RÉAMHFHOCAL

In 2012, cuirfear tús leis an dara bliain iomlán don Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne a bheith i mbun feidhme. Tá éascú déanta ag tiomantas dáiríre agus tacaíocht láidir Bhord Bainistíochta na hInstitiúide ar an bpróiseas i ndáil leis an ngníomhaireacht, a chomhlánófar in 2012, a thionscain go gasta. Dá bhrí sin beidh deis ag an Institiúid níos mó iarrachtaí a dhíriú ar na tascanna sonracha atá sainithe i réimse an chomhionannais idir mná agus fir.

Le tacaíocht ó fhoireann tiomanta agus inspreagtha, tabharfaidh EIGE cur chun feidhme a céad Chláir Oibre Mheántéarma 2010-2012 chun críche, clár atá dírithe ar bhailiú sonraí agus foinsí tosaigh, taighde agus faisnéis eile a bhaineann le réimsí oibre na hInstitiúide. Tá obair EIGE bunaithe ar agus struchtúrtha ag na príomhdhoiciméid chreata agus straitéiseacha le haghaidh beartas comhionannais inscne laistigh den Aontas Eorpach.

Leagann an Straitéis Eoraip 2020 amach spriocanna eacnamaíocha a léiríonn an tábhacht a bhaineann le comhionannas inscne i ndáil le níos mó mná a bheith rannpháirteach sa mhargadh saothair agus níos mó fir a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí cúraim agus teaghlaigh. Beidh tionchar eacnamaíoch agus airgeadais na mbeartas comhionannais inscne agus na straitéisí príomhshruthaithe inscne éifeachtacha, agus a gcuid éifeachta dearfaí ar fhorbairt sóisialta an AE, mar chuid d’obair na hInstitiúide agus í ag bailiú dea-chleachtas, uirlisí agus modhanna a thacaíonn le comhionannas idir mná agus fir san Eoraip.

Leagann Straitéis an Choimisiúin Eorpaigh um Chomhionannas idir Mná agus Fir 2010-2015 amach na spriocanna agus tascanna dá bheartas comhionannais inscne de chuid an Aontais Eorpaigh sna blianta atá le teacht. Tacóidh EIGE leis an gCoimisiún agus na Ballstáit.

Cuireann an dá réimse imní dhéag de Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising (BPfA) creat i bhfeidhm do na beartais chomhionannais inscne idirnáisiúnta go léir. Tá dualgas ar an Aontas Eorpach agus ar a Bhallstáit na tiomantais a dhéantar ann a chur chun feidhme. Tar éis an 4ú Comhdháil Dhomhanda ar Mhná de chuid na NA i mBéising i 1995, d’iarr Comhairle Eorpach Mhaidrid (15 agus 16 Nollaig 1995) go ndéanfaí athbhreithniú bliantúil ar chur chun feidhme Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising (BPfA) sna Ballstáit. Dá éis sin, ar an 2 Nollaig 1998, d’aontaigh an Chomhairle go n-áireofaí togra ar shraith táscairí cainníochtúla agus cáilíochtúla sa mheasúnú bliantúil ar chur chun feidhme an BPfA.

Tabharfaidh an Institiúid tacaíocht d’fhorbairt agus do nuashonrú táscairí i réimsí criticiúla an BPfA agus – ag déanamh forbartha inter alia ar na táscairí sin - forbróidh sí innéacs comhionannais inscne. Cuirfidh an Institiúid lárionad cáipéisíochta ar bun atá inrochtana don phobal, lena n-áirítear láthair fhíorúil an Líonra Eorpach um Chomhionannas Inscne. Cuirfear tús freisin le huirlisí agus modhanna príomhshruthaithe inscne a bhailiú, mar aon le sonraí agus faisnéis i ndáil le foréigean inscne a chomhrac.

Trí an gClár Oibre Bliantúil seo, rachaidh an Institiúid i mbun próisis chomhairliúcháin mhionsonraithe leis na príomhpháirtithe leasmhara, go háirithe an Coimisiún Eorpach agus Ballstáit an AE, agus lena linn sin déanfar measúnú ar dhúshláin nua le haghaidh comhionannais inscne, struchtúrú ar riachtanais agus tosaíochtaí na bpáirtithe leasmhara éagsúla, agus forbairt ar fhócas don chéad phlean oibre trí bliana eile. Faoi dheireadh na bliana 2012, beidh réamhchoinníollacha bunaithe ag an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne maidir le bheith ina hionad inniúlachta Eorpach ar shaincheisteanna comhionannais inscne.

# CLÁR ÁBHAIR


1 MISEAN AGUS FÓCAS EIGE DO 2012

1.1 CUSPÓIRÍ FORIOMLÁNA

1.2 MÓR-RÉIMSÍ AGUS PRÍOMHUIRLISÍ DO 2012

1. 3 CUR CHUIGE FORFHEIDHMITHE

2 CLÁR OIBRE BLIANTÚIL 2012

2.1 BUNÚ INSTITIÚIDEACH AGUS COMHLACHTAÍ EIGE

2.2 MÓR-RÉIMSE 1: TÁSCAIRÍ AGUS SONRAÍ INCHOMPARÁIDEACHA AGUS IONTAOFA AR CHOMHIONANNAS INSCNE

2.2.1 BAILIÚ SONRAÍ AGUS STAITISTICÍ AR 12 RÉIMSE CRITICIÚIL IMNÍ AN BPFA/TACAÍOCHT A SHOLÁTHAR D'UACHTARÁNACHTAÍ COMHAIRLE NA DANMHAIRGE, NA CIPIRE, NA HÉIREANN AGUS NA LIOTUÁINE UM CHOMHAIRLE AN AE; FORÉIGEAN INSCNE

2.2.2 INNÉACS AN CHOMHIONANNAIS INSCNE

2.3 MÓR-RÉIMSE 2: MODHANNA AGUS CLEACHTAIS NA HOIBRE COMHIONANNAIS INSCNE A BHAILIÚ AGUS A PHRÓISEÁIL

2.3.1 MODHANNA AGUS UIRLISÍ PRÍOMHSHRUTHAITHE INSCNE

2.3.2 BAILIÚ, PRÓISEÁIL AGUS SCAIPEADH NA NDEA-CHLEACHTAS

2.4 LÁRIONAD ACMHAINNE AGUS CÁIPÉISÍOCHTA

2.4.1 BUNÚ LÁRIONAID ACMHAINNE AGUS CHÁIPÉISÍOCHTA

2.4.2 AN LÍONRA EORPACH UM CHOMHIONANNAS INSCNE

2.5 ARDÚ FEASACHTA, LÍONRÚ AGUS CUMARSÁID

2.5.1 STRAITÉIS CHUMARSÁIDE A FHORBAIRT

2.5.2 PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS COMHPHÁIRTITHE EIGE

3 ACHOIMRE AR ACMHAINNÍ DAONNA AGUS AIRGEADAIS

4 PLEAN BUNAÍOCHTA: 2012

5 MONATÓIREACHT AGUS MEASTÓIREACHT

5.1 MONATÓIREACHT AR CHUR CHUN FEIDHME

5.2 TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2012

IARSCRÍBHINN 1 STAIDÉIR ATÁ BEARTAITHE DON BHLIAIN 2012

IARSCRÍBHINN 2 PLEAN TRIALACH UM ASCHUIR AGUS GHNÍOMHAÍOCHTAÍ

IARSCRÍBHINN 3 SINEIRGÍ IDIR AN OBAIR LEIS AN BPFA AGUS INNÉACS AN CHOMHIONANNAIS INSCNE

# 1 MISEAN AGUS FÓCAS EIGE DO 2012

Is ceart bunúsach agus prionsabal coiteann de chuid an Aontais Eorpaigh é comhionannas a bheith idir mná agus fir.

Is í fís na hInstitiúide:

| |
|---|
| Comhionannas idir mná agus fir a thabhairt chun réadúlachta d'Eorpaigh uile agus níos leithne |

Is é misean na hInstitiúide:

| |
|---|
| A bheith mar ionad inniúlachta na hEorpa ar shaincheisteanna comhionannais inscne |

Faoi dheireadh na bliana 2012, beidh EIGE ina gníomhaireacht éifeachtach AE a bhailíonn eolas agus saineolas, agus a roinneann sonraí, uirlisí agus modhanna infhaighte faoi chomhionannas idir mná agus fir d'fhonn tacú lena cuid páirtithe leasmhara agus gníomhairí san Eoraip.

## 1.1 CUSPÓIRÍ FORIOMLÁNA

Bunaíodh an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne chun cuidiú le cur chun cinn an chomhionannais inscne, lena n-áirítear príomhshruthú inscne i mbeartais uile an Chomhphobail agus sna beartais náisiúnta a dtagann astu, agus é a neartú trí chúnamh teicniúil a sholáthar d'Institiúidí an AE, go háirithe an Coimisiún Eorpach agus údaráis na mBallstát[1].

## 1.2 MÓR-RÉIMSÍ AGUS PRÍOMHUIRLISÍ DO 2012

Tugann an Clár Oibre do 2012 cur chun feidhme an chéad chláir trí bliana de chuid na hInstitiúide chun críche agus cuireann sé le seachadadh na n-aschur atá sainithe sa **Chlár Oibre Meántéarma** 2010-2012. I rith na bliana, comhlíonfar na cuspóirí (aschuir) meántéarmacha seo a leanas:EIGE i mbun feidhme go hiomlán mar chomhlacht AE neamhspleách;

- Comhlachtaí na gníomhaireachta idir éifeachtach agus oibríochtúil;
- Sonraí ar na chéad réimsí criticiúla den BPfA bailithe agus próiseáilte; tacaíocht éifeachtach do na hUachtaránachtaí um Chomhairle an AE atá i bhfeidhm;
- Innéacs chun comhionannas idir mná agus fir a mheas sna Ballstáit forbartha;
- (Codanna den) Lárionad Acmhainne agus Cáipéisíochta ar oscailt/inrochtana don phobal;
- Faisnéis ar chomhionannas inscne agus ar obair EIGE curtha i láthair na bpáirtithe leasmhara agus an phobail;
- Líonra cruthaithe chun inniúlacht agus taithí a roinnt;

---

[1] Rialachán (CE) Uimh. 1922/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 ar Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne a bhunú, I.O. L 403/9, Airt.2.

- Comhpháirtíocht láidir bunaithe ar fud na hEorpa.

Cuideoidh an Clár Oibre 2012 le comhlíonadh na n-aschur den Chlár Oibre Meántéarma atá fágtha, agus, de bharr go bhfuil sé feasach ar an tábhacht a bhaineann leis na príomhthosaíochtaí atá sainithe don AE sa straitéis Eoraip 2020, díreoidh sé a chuid iarrachtaí ar na mórthascanna atá sainithe sa Rialachán agus ar na tascanna atá sannta do EIGE i Straitéis an Choimisiúin Eorpaigh um Chomhionannas idir Mná agus Fir 2010-2015.

Díreoidh an Institiúid a cuid gníomhaíochtaí ar dhá réimse níos leithne:

1. Sonraí inchomparáideacha agus iontaofa a bhailiú, agus forbairt a dhéanamh ar tháscairí chomhionannas inscne, agus
2. Taighde, faisnéis, modhanna agus cleachtais na hoibre comhionannais inscne, lena n-áirítear príomhshruthú inscne, a bhailiú, a phróiseáil agus a scaipeadh..

**Laistigh den chéad mhór-réimse,** leanfaidh EIGE le sonraí a bhailiú ar leibhéal Eorpach agus le modhanna a fhorbairt chun oibiachtúlacht, inchomparáideacht agus iontaofacht sonraí agus táscairí a bhaineann le saincheisteanna comhionannais inscne a fheabhsú i gcomhar le Eurostat laistigh de chreat an Mheabhráin Tuisceana a síníodh idir EIGE agus Eurostat in 2011. Tabharfaidh EIGE tacaíocht theicniúil do na hUachtaránachtaí um Chomhairle an AE atá ag teacht aníos agus í ag leanúint le dul chun cinn sna réimsí imní roghnaithe de **Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising (BPfA)**. Le sonraí, staitisticí agus táscairí iontaofa a bhailiú, táirgfear córas comhtháite agus lárnaithe ar an gCoimisiún Eorpach, ar na Ballstáit agus ar pháirtithe leasmhara eile a thacóidh le hobair leantach agus le tuairisciú ar dhul chun cinn na mban i réimsí imní roghnaithe an BPfA.


Is tasc suntasach eile atá cuimsithe sa chéad mór-réimse é **forbairt a dhéanamh** ar **Innéacs Comhionannais Inscne (GEI)** a chlúdaíonn Ballstáit an AE, agus tairgfidh an toradh ar sin uirlis shonrach agus córas coiteann ar an Aontas Eorpach le measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn an chomhionannais inscne san Eoraip.

**Díreoidh an dara mór-réimse** ar bhailiú, próiseáil agus scaipeadh **uirlisí agus modhanna agus dea-chleachtas ar mhaithe le comhionannas inscne agus príomhshruthú inscne.** Tabharfar tús áite do bhailiú modhanna, uirlisí agus dea-chleachtas i leith na hoibre comhionannais inscne laistigh de réimsí an BPfA atá roghnaithe ag na hUachtaránachtaí le teacht agus i leith na hoiliúna príomhshruthaithe inscne.

I rith na bliana, tabharfaidh EIGE coincheap agus struchtúr **Lárionad Acmhainne agus Cáipéisíochta** na hInstitiúide, ina mbeidh lárionad cáipéisíochta fisiciúil agus ar líne, lárionad eolais agus an Líonra Eorpach um Chomhionannas Inscne, chun críche. Tosóidh an Institiúid ag déanamh próiseála ar fhaisnéis agus ar shonraí atá bailithe a bhaineann le hinscne d'fhonn tús a chur le forbairt ar bhileoga eolais, foilseacháin, tuarascálacha tosaigh agus táirgí eile.

Glacfaidh EIGE le cur chuige cothrománach i leith saincheist na bhfear agus na bhfireannachtaí. Déanfaidh an Institiúid iarracht dearcadh na bhfear agus na bhfireannachtaí a chomhtháthú agus rannpháirtíocht na bhfear i gcomhionannas inscne a chur chun cinn trí phríomhghníomhaíochtaí EIGE.

Cuirfidh EIGE tús leis an dara chéim den phróiseas sa chreat i ndáil le sonraí agus faisnéis faoi chomhionannas inscne a bhailiú, a anailísiú, a phróiseáil, agus a scaipeadh.




## 1. 3 Cur chuige forfheidhmithe

Le cuntas a thabhairt agus monatóireacht a dhéanamh ar oibríochtaí agus gníomhaíochtaí na hInstitiúide, tá an Clár Oibre seo bunaithe ar an modh glactha go huilíoch um Bainistíocht Bunaithe ar Thorthaí (BBT). I gcaitheamh na bliana 2012, cuideoidh an Institiúid agus a cuid ball foirne chun na torthaí agus aschuir ionchais (torthaí meántéarma agus láithreacha) a bhaint amach.

I gcomhréir leis an Rialachán, cuireann an Institiúid a cuid tascanna i gcrích de réir inniúlachtaí an AE, agus ag féachaint do na cuspóirí a nglacadh agus na réimsí tosaíochta a sainaithníodh ina Clár Oibre Meántéarma 2010-2012. Cuireann gníomhaíochtaí agus aschuir an Chláir Oibre 2012 beartais agus tosaíochtaí AE i réimse an chomhionannais inscne, i straitéis 2020 an AE agus, go háirithe, iad sin atá leagtha amach i Straitéis an Choimisiúin um Chomhionannas idir Mná agus Fir 2010 – 2015, san áireamh.

Tá pleanáil agus cur chun feidhme ghníomhaíochtaí EIGE uile bunaithe ar chur chuige comhtháite, lena n-áirítear céimeanna ina mbailítear, ina ndéantar anailísiú agus próiseáil ar fhaisnéis atá ann cheana faoi chomhionannas inscne san Eoraip d'fhonn í a scaipeadh, agus í a dhéanamh úsáideach agus infheicthe do líon mór úsáideoirí. Cruthaíonn an cur chuige seo coinníollacha inar féidir leis an Institiúid a bheith ina gníomhaire láidir agus inniúil le foinse neamhspleách faisnéise ar chomhionannas inscne, agus fearann sé ról lárnach don Institiúid chun an fhaisnéis a bhailítear ina Lárionad Acmhainne agus Cáipéisíochta a óstáil agus a scaipeadh.

# 2 Clár Oibre Bliantúil 2012

Leagann an Clár Oibre Bliantúil seo amach gníomhaíochtaí na hInstitiúide do 2012 agus na hacmhainní daonna agus airgeadais chun iad a chur chun feidhme. D'fhonn cur lena chuspóirí foriomlána, comhlíonfaidh an Institiúid a cuid tascanna trína cuid oibre a eagrú laistigh de cheithre réimse gníomhaíochta atá sainithe sa Chlár Oibre Meántéarma.

## 2.1 Bunú institiúideach agus comhlachtaí EIGE

*Aschur na gníomhaíochta:* **Struchtúir riaracháin agus oibríochtúla a bhfuil gá leo curtha i bhfeidhm**

### Gníomhaireacht Agus A Foireann

In 2012, nuair a bheidh deireadh tagtha le tacaíocht airgeadais de chuid Rialtas na tíre aíochta agus an conradh léasa (socraithe ag an Rialtas), cuirfidh an ghníomhaireacht soláthar a cuid áitribh i gcrích. In éineacht le Biúró

Faisnéise Pharlaimint na hEorpa agus Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh, tá sé i gceist ag an Institiúid í féin a bhunú in áitreabh na Gníomhaireachta, atá in ann freastal don trí institiúid, agus a sholáthraíonn infheictheacht mhaith agus rochtain éasca do chuairteoirí, d'aíonna agus do shaoránaigh Eorpacha. Leanfaidh an Institiúid lena cuid iarrachtaí an Comhaontú Suíocháin le húdaráis na Liotuáine a thabhairt chun críche.

In 2012, tá sé mar aidhm go mbeidh 30 fostaí earcaithe ag an Institiúid, mar aon le naonúr Gníomhairí Conartha, agus seisear saineolaithe náisiúnta ar iasacht. Cuirfidh an líon iomlán sin de 45 le cur chun feidhme Chláir Oibre na hInstitiúide. Uaidh sin, eagrófar a thuilleadh oiliúna intí ar ábhair a bhaineann le comhionannas inscne agus soláthar, d'fhonn inniúlacht na foirne EIGE a fheabhsú. Beidh roinnt seisiún oiliúna oscailte do shaineolaithe inscne ó Institiúidí an AE agus comhghníomhaireachtaí EIGE.

## COMHLACHTAÍ EIGE

### Bord Bainistíochta[2]

Mar chomhlacht cinnteoireachta na gníomhaireachta, déanfaidh an Bord Bainistíochta maoirsiú ar dhul chun cinn oibríochtaí, glacfaidh sé leis na doiciméid riaracháin/airgeadais agus a bhaineann le fostaithe atá fágtha, agus tabharfaidh sé treoir don Institiúid agus í ag déanamh forbartha ar a dara Clár Oibre Meántéarma do 2013-2015.

Tabharfaidh an Bord Bainistíochta faomhadh do Thuarascáil Bhliantúil na hInstitiúide a chlúdóidh bliain iomlán i mbun feidhme (2011) agus cuirfidh sé comhairle ar an Institiúid maidir le seoladh na meastóireachta Meántéarma a chlúdóidh na chéad trí bliana i mbun feidhme. Déanfar forbairt agus seoladh ar shonraíochtaí teicniúla a shainíonn scóip agus tascanna na meastóireachta faoi dheireadh na bliana 2012.

Leanfaidh Coiste an Bhoird Bhainistíochta, a bunaíodh tar éis leasuithe a dhéanamh ar na Rialacha Inmheánacha in 2011, ar aghaidh ag éascú obair an Bhoird Bhainistíochta, a rachaidh, ar a seal, chun tairbhe obair na hInstitiúide.

Clúdaíonn an ghníomhaíocht seo costais a bhaineann le cruinnithe an Bhoird Bhainistíochta agus an Choiste a reáchtálfar in 2012 agus na costais ghaolmhara go léir, cosúil le hateangaireacht chomhuaineach i rith cruinnithe an Bhoird Bhainistíochta (cúig theanga).

[2] De réir an Rialacháin, déanann an Bord Bainistíochta na cinntí riachtanacha go léir maidir le hoibríochtaí na hInstitiúide; go háirithe, glacann sé leis na Cláir Oibre Mheántéarma agus na Cláir Oibre Bhliantúla, leis an Tuarascáil Bhliantúil chomh maith le dréacht-bhuiséid agus buiséid dheireanacha na hInstitiúide. Glacann sé freisin le rialacha inmheánacha agus rialacha nós imeachta na hInstitiúide. Feidhmíonn an Bord Bainistíochta údarás araíonachta ar an Stiúrthóir agus tá sé de chumhacht aige é/í a cheapadh nó a dhífhostú.

FÓRAM SAINEOLAITHE[3]

I rith na bliana, cuirfear tús le dara téarma oifige an Fhóraim Saineolaithe agus cuideoidh sé leis an Institiúid ina cuid réimsí oibre sainithe. Cuirfidh na comhaltaí comhairle ar an Institiúid trí mheán grúpaí oibre buana agus trí mhodhanna agus uirlisí a fhorbairt agus dea-chleachtais a bhailiú.

*Táscairí aschuir:* cruinnithe an Bhoird Bhainistíochta (R2, R4); cruinnithe an Fhóraim Saineolaithe (R3, R4); cruinniú comhpháirteach an Bhoird Bhainistíochta agus an Fhóraim Saineolaithe (R1); Plean Bunaíochta 2013 curtha i gcrích (R1); Forálacha a Chur Chun Feidhme sa Rialachán Foirne glactha (R2-R4).

**Acmhainní daonna (2012)**

2.1.: Bunú Institiúideach agus Comhlachtaí EIGE

| Gníomhairí sealadacha AD | Gníomhairí sealadacha AST | SNE[4] | Gníomhairí Conartha CA | Foireann iomlán | % | Teideal Buiséid 1 'FOIREANN' |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 4.4 | 2.5 | 0 | 4.2 | 11.10 | 24.67 | 730 676 |

## 2.2 MÓR-RÉIMSE 1: TÁSCAIRÍ AGUS SONRAÍ INCHOMPARÁIDEACHA AGUS IONTAOFA AR CHOMHIONANNAS INSCNE

### 2.2.1 BAILIÚ SONRAÍ AGUS STAITISTICÍ AR 12 RÉIMSE CRITICIÚIL IMNÍ AN BPFA/TACAÍOCHT A SHOLÁTHAR D'UACHTARÁNACHTAÍ COMHAIRLE NA DANMHAIRGE, NA CIPIRE, NA HÉIREANN AGUS NA LIOTUÁINE UM CHOMHAIRLE AN AE; FORÉIGEAN INSCNE

*Aschur na gníomhaíochta:* **Tacaíocht feidhmithe agus éifeachtach do na hUachtaránachtaí um Chomhairle an AE**

Agus tasc tugtha ag Straitéis an Choimisiúin um Chomhionannas idir Mná agus Fir 2010-2015 di, d'fhorbair an Institiúid cur chuige struchtúrtha in 2011 chun tacú leis an gCoimisiún agus na Ballstáit agus iad ag tuairisciú ar fhorfheidhmiú an BPfA i réimsí imní roghnaithe. Anuraidh, rinne EIGE athbhreithniú ar roinnt táscairí a bhaineann le cothromaíocht a bhaint amach idir saol na hoibre agus an teaghlaigh i Réimse F: Mná agus an Geilleagar (d'Uachtaránacht na Polainne). Foilsíodh an tuarascáil agus na príomhthorthaí ar Mhná agus an Geilleagar ar láithreán gréasáin na hInstitiúide, scaipeadh le linn imeachtaí Uachtaránachta iad agus dáileadh ar institiúidí ábhartha laistigh de na Ballstáit, ar eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ar Ghníomhaireachtaí AE eile iad. In 2011, d'fhonn tacú le hUachtaránacht na Danmhairge, thosaigh EIGE ag forbairt táscairí i Réimse K: Mná agus

[3] Tacaíonn an Fóram Saineolaithe leis an Stiúrthóir chun barr feabhais agus neamhspleáchas de chuid gníomhaíochtaí na hInstitiúide a chinntiú agus is ionann é agus meicníocht trínar féidir faisnéis faoi shaincheisteanna comhionannais inscne a mhalartú agus eolas a chomhthiomsú. Cinntíonn sé dlúthchomhar idir an Institiúid agus comhlachtaí inniúla sna Ballstáit. Feidhmíonn an Fóram Saineolaithe mar chomhlacht comhairleach na hInstitiúide chun saineolas a sholáthar i réimse an chomhionannais inscne.

[4] Saineolaí Náisiúnta ar Iasacht

an Comhshaol, le béim ar leith ar inscne agus athrú aeráide. Beidh an tuarascáil dheireanach d'Uachtaránacht na Danmhairge críochnaithe i mí Feabhra 2012.

I gcomhréir le Clár Oibre an Choimisiúin chun leanúint leis an BPfA, agus de réir Clár Oibre Meántéarma 2010-2012 EIGE, oibreoidh EIGE, an Grúpa Ardleibhéal um Príomhshruthú Inscne (GAL) agus an Coimisiún i ndlúthchomhar le hUachtaránacht na Comhairle chun:

- anailís agus athbhreithniú a dhéanamh ar na réimsí imní a roghnaíonn Uachtaránachtaí um Chomhairle an AE atá le teacht;
- obair leantach theicniúil a chinntiú sna réimsí clúdaithe ag táscairí eiseacha nó táscairí nua a fhorbairt;
- comhairle theicniúil a sholáthar maidir le táscairí eiseacha a nuashonrú agus a fheabhsú;
- infheictheacht agus scaipeadh táscairí a chur chun cinn.

Laistigh den mhór-réimse seo, bainfidh EIGE úsáid as cur chuige dhá bheangán: baileoidh sí sonraí, staitisticí agus faisnéis ábhartha eile i réimsí imní uile an BPfA agus soláthróidh sí athbhreithniú níos doimhne ar an réimse imní a roghnaíonn Uachtaránachtaí um Chomhairle an AE atá le teacht i bhfoirm tuarascála.

### BAILIÚ SONRAÍ AGUS STAITISTICÍ LAISTIGH DE 12 RÉIMSE AN BPFA

Tá roinnt staidéar seolta ag EIGE d'fhonn na coinníollacha riachtanacha a chruthú chun obair a éascú le sonraí iontaofa, faisnéis chúlra a fháil ar tháscairí eiseacha i 12 réimse an BPfA agus dea-chleachtais a bhailiú faoi chur chun feidhme an BPfA. In 2011, chuir an Institiúid staidéar ar staitisticí agus táscairí eiseacha maidir le comhionannas inscne san Aontas Eorpach i gcrích (seolta in 2010), a sholáthraíonn forbhreathnú cuimsitheach ar shonraí agus ar fhoinsí sonraí do na táscairí uile i 12 réimse an BPfA. Ag tosú in 2012, déanfar nuashonrú rialta ar shonraí agus ar fhoinsí sonraí bailithe de chuid táscairí laistigh de 12 réimse an BPfA.

Shainaithin an staidéar ar Mhodhanna Oibre Forfheidhmithe le Táscairí Bhéising san Aontas Eorpach (2010-2011) cur chuigí agus modheolaíochtaí éagsúla chun oibriú le staitisticí inscne agus le táscairí Bhéising, agus dea-chleachtais faoi na modhanna úsáidte le haghaidh cur chun feidhme an BPfA.

Feidhmíonn an dá staidéar mar acmhainní úsáideacha a sholáthraíonn faisnéis chúlra iontaofa d'fhonn comhairle a sholáthar i ndáil le táscairí eiseacha a nuashonrú agus a fheabhsú, agus cinn nua a fhorbairt amach anseo.

### TACAÍOCHT D'UACHTARÁNACHTAÍ UM CHOMHAIRLE AN AE

Tacóidh EIGE le hUachtaránachtaí na Danmhairge, na Cipire, na hÉireann, agus na Liotuáine amach anseo chun obair leantach theicniúil a sholáthar maidir le táscairí sa réimse imní roghnaithe don BPfA. D'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar na réimsí imní roghnaithe ag Uachtaránachtaí na hÉireann agus na Liotuáine, seolfar dhá staidéar. Soláthróidh siad forbhreathnú comhthéacs ar na réimsí roghnaithe, mar aon le comhairle theicniúil i ndáil le táscairí eiseacha a nuashonrú agus a fheabhsú. Feidhmeoidh na staidéir mar ábhar cúlra chun tuarascáil maidir le hathbhreithniú ar réimse imní Uachtaránachta a dhréachtú.

Is gné ríthábhachtach í inchomparáideacht sonraí chun taighde agus anailís fónta a sheachadadh. Dá bhrí sin, d'fhonn sineirgí institiúide a mhéadú agus cáilíocht shonraí imdhealaithe-inscne a fheabhsú, neartóidh EIGE a cuid comhair leis an gCóras Staidrimh Eorpach, go háirithe Eurostat, agus – maidir le sonraí nach bhfuil ar fáil ar leibhéal an AE, le hoifigí staidrimh náisiúnta sna Ballstáit, na NA, ILO, OECD chomh maith le EUROFOUND, FRA agus gníomhaireachtaí Eorpacha eile. Sa bhreis ar sin, d'fhonn faisnéis ar tháscairí eiseacha a mhéadú, déanfaidh EIGE taighde ar fhoinsí eile, cosúil leis an CoE, UNSD, Mná na NA agus an Banc Domhanda.

Leanfaidh an Grúpa Oibre (GO) ar tháscairí Bhéising, a bunaíodh in 2010, ag cur comhairle ar EIGE maidir le forbairt a dhéanamh ar fhaisnéis iontaofa, chomhchuibhithe agus cháilíochtúil le leanúint le cur chun feidhme an BPfA ar leibhéil an AE agus na mBallstát, agus chun infheictheacht réimsí an BPfA a chur chun cinn. Nuair a éilíonn ábhar an réimse imní roghnaithe saineolas thar a bheith speisialaithe, tabharfar cuairt do shaineolaithe seachtracha atá speisialaithe i réimse ar leith den BPfA cuidiú le hobair EIGE agus a Grúpa Oibre. Beidh an GO bainteach freisin le hathbhreithniú níos ginearálta agus nuashonrú de réir a chéile a dhéanamh ar 12 réimse imní an BPfA. D'fhonn an obair ar bhailiúchán sonraí agus staitisticí a bharrfheabhsú agus sineirgí a fháil leis an obair sin ar Innéacs an Chomhionannais Inscne, comhoibreoidh an Grúpa Oibre go dlúth leis an nGrúpa Oibre ar Innéacs an Chomhionannais Inscne.

### INFHEICTHEACHT AGUS CUR CHUN CINN RÉIMSÍ AN BPFA

Trí thacú leis na hUachtaránachtaí chun táscairí Bhéising a fhorbairt agus a nuashonrú, agus trí bhunachar sonraí soladach a fhorbairt do 12 réimse an BPfA, cuirfidh EIGE le hinfheictheacht agus le feasacht ar an BPfA agus ar tháscairí Bhéising. Cuirfear na tuarascálacha a forbraíodh do thíortha Uachtaránachta i láthair le linn imeachtaí Uachtaránachta agus scaipfear ar pháirtithe leasmhara iad trí Lárionad Acmhainne agus Cáipéisíochta EIGE, lena n-airítear a láithreán gréasáin.

### FORÉIGEAN BUNAITHE AR INSCNE

D'fhonn cur le cur chun feidhme an BPfA chomh maith le Straitéis an Choimisiúin um Chomhionannas idir Mná agus Fir 2010-2015, tá sé mar aidhm freisin ag EIGE sonraí, staitisticí agus faisnéis ábhartha eile a bhailiú ar fhoréigean inscne. Aithnítear gurb ionann sonraí inchomparáide agus iontaofa a bhailiú agus bacainn ollmhór i ndáil le foréigean in aghaidh na mban a chomhrac, agus go háirithe, maidir leis an tsaincheist thar a bheith íogair, ciorrú ball giniúna ban (FGM). Chuige sin, tabharfaidh EIGE staidéar chun críche maidir le rochtain ar fhaisnéis agus bailiú sonraí faoi FGM, a seoladh in 2011.

Mar a sonraíodh i gConclúidí na Comhairle maidir le Foréigean in aghaidh na mBan a Dhíothú, a glacadh ar 8ú Márta 2010[5], tá gá práinneach go fóill le sonraí inchomparáide ar leitheadúlacht an fhoréigin in aghaidh na mban. D'fhonn an dúshlán a chomhlíonadh, tá sé beartaithe ag EIGE anailís agus meastóireacht a dhéanamh ar struchtúir féideartha le haghaidh faireachlainne chun sonraí cuimsitheacha, inchomparáide agus ionadaíochta ar fhoréigean in aghaidh na mban a bhailiú (féach 2.3.1 Modhanna agus Uirlisí Príomhshruthaithe Inscne le haghaidh a thuilleadh faisnéise).

[5] Conclúidí na Comhairle an 8 Márta 2010 maidir le Foréigean In Aghaidh na mBan a Dhíothú san Aontas Eorpach CL10-048EN.

*Táscairí aschuir:* cruinnithe de chuid an Ghrúpa Oibre ar tháscairí Bhéising (R2,R3); sonraí FGM infhaighte mapáilte (R2); cruinnithe le rialtais i mbun Uachtaránachta in 2012 – an Danmhairg agus an Chipir (R1,R3); cruinnithe le rialtais a bheidh i mbun Uachtaránachta in 2013-2014 – Éire, an Liotuáin, an Ghréig (R2 – R4); staidéir seolta ar réimsí roghnaithe den BPfA d'Éire agus don Liotuáin (R1-R2); tuarascáil d'Uachtaránacht na Danmhairge seachadta (R1); tuarascáil d'Uachtaránacht na Cipire seachadta (R3); tuarascáil d'Uachtaránacht na hÉireann dréachtaithe (R4); cruinnithe comhairliúcháin le saineolaithe i réimsí roghnaithe ag an gCipir agus ag Éire (R2,R3).

### 2.2.2 Innéacs an Chomhionannais Inscne

*Aschur na gníomhaíochta:* **Coincheap le haghaidh innéacs forbartha don Aontas Eorpach le measúnú a dhéanamh ar (neamh)chomhionannas idir mná agus fir san Eoraip**

#### Ábharthacht um Innéacs an Chomhionannais Inscne i ndáil le hobair EIGE

Sannann Straitéis an Choimisiúin um Chomhionannas idir Mná agus Fir 2010-2015 agus a Phlean Gníomhaíochta an tasc maidir le hInnéacs an Chomhionannais Inscne a fhorbairt don Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (GEI). Is ionann é sin agus ceann de na mórthascanna a shainítear i gClár Oibre Meántéarma 2010-2012 na hInstitiúide.

Ós rud é nach ndíríonn na hinnéacsanna eiseacha maidir le neamhionannas inscne ar leibhéal domhanda ar chomhthéacs agus ar dhúshláin shonracha na hEorpa amháin, is í an aidhm a bhaineann le hinnéacs dá leithéid a chruthú ná an anailís agus an fhorbairt leantach a éascú laistigh de réimsí éagsúla an (neamh)chomhionannais inscne san Eoraip. Sholáthródh sé sin próifílí tíre mionléirithe sna réimsí a roghnaíodh don innéacs agus íomhá foriomlán ar ráta na dtíortha ar an scála san Eoraip d'úsáideoirí an Innéacs.

In 2011, d'oibrigh EIGE chun creat a fhorbairt le haghaidh obair na todhchaí ar an Innéacs. Sheol an Institiúid taighde bonnlíne le forbairt a dhéanamh ar chreat coincheapa agus bunstruchtúr an GEI. Bhí na chéad torthaí taighde mar bhonn le hobair choincheapa agus theicniúil ar na gnéithe a bhaineann le comhionannas inscne, modheolaíocht, agus na gnéithe agus saincheisteanna bunriachtanacha le cur san áireamh i dtógáil an GEI a shainiú. Rinneadh mapáil, sainaithint, anailísiú agus meastóireacht ar na foinsí sonraí eiseacha atá ábhartha do thoisí an GEI. D'fhonn cur chuige coiteann, inghlactha agus comhaontaithe a fhorbairt i leith comhionannas inscne a thomhas, tá teagmhálacha curtha ar bun leis na saineolaithe ábhartha sna Ballstáit agus in eagraíochtaí idirnáisiúnta (UNECE, OECD, Social Watch, ILO).

I gcomhar le hInstitiúidí AE eile – go háirithe Eurostat – agus le hoifigí staidrimh náisiúnta, agus eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha (UNECE; OECD), in 2012, tá sé i gceist ag EIGE – le tacaíocht óna Grúpa Oibre - GEI a fhorbairt, a sholáthróidh cur chuige fónta agus fianaise-bhunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an chomhionannais inscne san Eoraip.

Is iad na príomhshaincheisteanna a dtabharfar aghaidh orthu in 2012 ná an obair theicniúil a bhaineann le tógáil an Innéacs, an próiseas comhairliúcháin le soláthraithe foinsí sonraí agus páirtithe leasmhara ábhartha eile a chur i ngníomh, chomh maith le creat i ndáil le cur i láthair sonraí agus tréimhsiúlacht an Innéacs a fhorbairt.

## Cur Chuige Dhá Chéime

Éilíonn tógáil GEI cur chuige dhá chéime: an tasc teicniúil a chomhlíonadh (.i. ag tógáil an Innéacs) agus an próiseas comhairliúcháin a chur ar bun le soláthraithe foinsí sonraí agus páirtithe leasmhara ábhartha eile.

Éileoidh an obair theicniúil ar an Innéacs go ndéanfaí anailís chríochnaitheach ar réimsí éagsúla an chomhionannais inscne sna Eoraip agus go ndéanfaí cinntí maidir leis na príomhtháscairí atá le háireamh san Innéacs agus a gcuid meáchan. Déanfar anailís ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis ábhartha a bhailítear san obair le táscairí Bhéising (féach Iarscríbhinn 3). Tacóidh an GO ar Innéacs an Chomhionannais Inscne le EIGE trí mholtaí a dhéanamh ar thoisí an chomhionannais inscne le háireamh san Innéacs, a gcuid méachan, saincheisteanna modheolaíochta éagsúla, tréimhsiúlacht an Innéacs, s.rl.

Cuirfear an obair theicniúil i láthair i bhfoilseachán ar Innéacs an Chomhionannais Inscne, a chuimseoidh trí phríomhchuid: (i) caibidil choincheapa ar éabhlóid na réimsí éagsúla de bheartas inscne agus ar choincheap an chomhionannais inscne ar leibhéal Eorpach, (ii) caibidil ar an gcur chuige modheolaíochta i leith comhionannas inscne a thomhas san Eoraip, agus (iii) caibidil ar thorthaí an GEI le próifílí tíre agus iarscríbhinní staidrimh.

Ba cheart tús a chur leis an bpróiseas comhairliúcháin ar an GEI le soláthraithe foinsí sonraí agus páirtithe leasmhara ábhartha eile i gcomhthreo leis an obair theicniúil chun an tInnéacs a chruthú. Beidh sé mar aidhm leis na cruinnithe comhairliúcháin buntáistí de chuid Innéacs dá leithéid a mhíniú, dá bhrí sin ag cur leis an ngá atá leis, mar aon le plé a dhéanamh ar mhodhanna, infhaighteacht sonraí, tomhas, léirmhíniú agus tréimhsiúlacht an Innéacs Comhionannais Inscne bheartaithe.

*Táscairí aschuir:* cruinnithe de chuid an Ghrúpa Oibre ar Innéacs an Chomhionannais Inscne (R2, R4); comhairliúcháin le soláthraithe foinsí sonraí Idirnáisiúnta, Eorpacha agus náisiúnta agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile (R1 -R4); seimineár comhairliúcháin idirnáisiúnta maidir le comhionannas inscne a thomhas san Eoraip (R4); foilseachán ar an GEI (R3-R4).

**Acmhainní daonna (2012)**

2.2.: Mór-réimse 1: Táscairí agus Sonraí Inchomparáide agus Iontaofa ar Chomhionannas Inscne

| Gníomhairí sealadacha AD | Gníomhairí sealadacha AST | SNE[6] | Gníomhairí Conartha CA | Foireann iomlán | % | Teideal Buiséid 1 'FOIREANN' |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 7.4 | 0.35 | 3 | 0.90 | 11.65 | 25.89% | 822 463 |

[6] Saineolaí Náisiúnta ar Iasacht

## 2.3 MÓR-RÉIMSE 2: MODHANNA AGUS CLEACHTAIS NA HOIBRE COMHIONANNAIS INSCNE A BHAILIÚ AGUS A PHRÓISEÁIL

Mar straitéis chun comhionannas inscne a bhaint amach, baineann próiseas athraithe incrimintigh ar bheartais, straitéisí agus gníomhaíochtaí le príomhshruthú inscne (GM). Is é an cuspóir fadtéarmach ná go dtabharfar aird ar chomhionannas inscne i ngach beartas, straitéis agus gníomhaíocht, ionas go mbeidh tionchar ag mná agus fir, go mbeidh siad rannpháirteach i, agus go mbainfidh siad tairbhe chothrom as gach idirghabháil.

Ós rud é go mbaineann beartas príomhshruthaithe inscne úsáid as roinnt ionstraimí éagsúla, in 2011, chuir EIGE tús le bailiú agus le próiseáil uirlisí agus modhanna a úsáideann Institiúidí an AE agus Ballstáit le haghaidh oibre um chomhionannas inscne agus príomhshruthú inscne. Leanann na huirlisí agus na modhanna ar a bhfuil EIGE dírithe an rangúchán atá molta ag Comhairle na hEorpa, a sainmhínítear mar *"(…) grúpaí nó cineálacha modhanna chun an straitéis príomhshruthaithe inscne a chur i gcleachtas, .i. chun próisis bheartais a (ath)eagrú, a fheabhsú, a fhorbairt agus a mheasúnú d'fhonn peirspictíocht chomhionannais inscne a chorprú"*[7] agus atá roinnte ina theicnící agus uirlisí anailíseacha, oideachais, comhairliúcháin agus rannpháirtíochta[8].

In 2011, trí mheán roinnt staidéar, bhailigh EIGE faisnéis bhunúsach faoi na huirlisí agus modhanna príomhshruthaithe inscne sna Ballstáit agus díreoidh sí a cuid oibre breise ar mhodhanna agus uirlisí roghnaithe le haghaidh príomhshruthaithe inscne éifeachtaigh agus cur chun cinn comhionannais inscne. D'fhonn breisluach de chuid Uachtaránachtaí um Chomhairle an AE a neartú, tabharfaidh EIGE tús áite do mhodhanna, uirlisí agus dea-chleachtais a úsáidtear i réimsí an BPfA atá roghnaithe ag na hUachtaránachtaí a bhailiú agus a phróiseáil.

### 2.3.1 MODHANNA AGUS UIRLISÍ PRÍOMHSHRUTHAITHE INSCNE

*Aschur na gníomhaíochta:* **Uirlisí oiliúna éifeachtacha chun tacú le comhionannas inscne agus príomhshruthú inscne ar fáil d'úsáideoirí**

Cuimseoidh an obair ar mhodhanna agus ar uirlisí chun comhionannas inscne a chur chun cinn na gníomhaíochtaí atá liostaithe thíos.

Ar an gcéad dul síos, baileoidh EIGE uirlisí agus modhanna, a ndéantar cur síos orthu i 2.3, i réimsí imní an BPfA atá roghnaithe ag an gCipir, ag Éire agus ag an Liotuáin le linn a gcuid Uachtaránachtaí faoi seach. Tá an bailiúchán uirlisí mar chuid den tacaíocht d'Uachtaránachtaí um Chomhairle an AE a bhaileoidh, in éineacht leis na tuarascálacha ag déanamh athbhreithnithe ar tháscairí Bhéising, modhanna agus uirlisí a úsáidtear sa réimse imní roghnaithe. Baileofar an fhaisnéis trí mheán staidéar a sheolfar laistigh de chreat de chuid tacaíocht EIGE do na hUachtaránachtaí. Déanfaidh an chuid de na staidéir a bhaineann le huirlisí agus le modhanna bailiú agus

---

[7] Príomhshruthú Inscne. Creat coincheapa, modheolaíocht agus cur i láthair na ndea-chleachtas. Comhairle na hEorpa, EG-S-MS (98) 2 athbh.

[8] I measc uirlisí dá leithéid tá: Staitisticí, Suirbhé agus Réamhaisnéis, Anailísí Costais is tairbhe, Taighde, Seicliostaí, treoirlínte agus téarmaí tagartha, Modhanna um measúnú tionchair inscne, Monatóireacht, Múscailt feasachta agus cúrsaí oiliúna, Gníomhaíocht leantach, Treoirleabhair agus lámhleabhair, Ábhar oideachais le húsáid i scoileanna, Grúpaí oibre nó stiúrtha agus meithleacha smaointe, Eolairí, bunachair shonraí agus cairteacha eagrúcháin, Rannpháirtíocht an dá inscne i gcinnteoireacht.

anailís ar fhaisnéis, mapálfar modhanna agus uirlisí, agus sainaithneofar dea-chleachtais sna réimsí faoi seach. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil do Lárionad Acmhainne agus Cáipéisíochta EIGE. D'fhonn dea-chleachtais a chur i láthair agus a scaipeadh, agus malartú na ndea-chleachtas éifeachtach a spreagadh i measc na mBallstát, eagróidh EIGE imeachtaí scaipthe a phleanálfar i gcomhréir leis an tréimhse Uachtaránachta.

Ar an dara dul síos, in 2012, díreoidh an Institiúid go sonrach ar chomhionannas agus ar phríomhshruthú inscne, lena n-áirítear oiliúint. Agus é ag sainaithint an gá atá le meicníochtaí príomhshruthaithe inscne a fheabhsú, rinne Coiste Comhairleach an CE um Dheiseanna Comhionanna[9] tagairt d'oiliúint mar cheann de na príomhchodanna de mheicníochtaí dá leithéid. Leagtar béim freisin ar úsáid na hoiliúna mar uirlis chun comhionannas inscne a chur chun cinn mar cheann de na príomhshaincheisteanna i Straitéis an Choimisiúin um Chomhionannas idir Mná agus Fir 2010-2015. D'fhonn tacú le cur chun feidhme na Straitéise, agus cumas de chuid páirtithe leasmhara agus úsáideoirí éagsúla a mhéadú trí rochtain chomhordaithe ar raon leathan oiliúna inscne éifeachtaí, ar mhodhanna agus ar mhodúil oiliúna a bhailiú, a phróiseáil agus a thairiscint, oibreoidh an Institiúid chun eolas a aistriú i bpríomhshruthú agus i gcomhionannas inscne, agus cuirfidh sí modhanna oiliúna eiseacha chun cinn freisin. Mapálfar an oiliúint phríomhshruthaithe inscne a sholáthraítear sna Ballstáit, éascófar naisc éifeachtacha idir lucht déanta beartas, an pobal taighde agus saineolaithe a sholáthraíonn oiliúint agus cuirfear díospóireacht maidir le caighdeáin le haghaidh oiliúna inscne chun cinn.

Seoladh an staidéar ar na huirlisí agus modhanna eiseacha chun inscne a phríomhshruthú ar leibhéal an AE (dírithe ar oiliúint) in 2011. Laistigh de chreat an staidéir sin, baileoidh EIGE uirlisí oiliúna (m.sh. treoirleabhair, feisteáin uirlisí, físeáin oiliúna, ábhar oiliúna, treoirlínte, s.rl.) ó na Ballstáit agus ar leibhéal an AE. Tá sé mar aidhm ag EIGE oiliúnóirí inscne atá gníomhach i ngach tír Eorpach a mhapáil freisin. Chuige sin, déanfaidh EIGE nuashonrú agus breis forbartha ar an mbunachar sonraí ar líne maidir le hoiliúint inscne (oiliúnóirí, institiúidí oiliúna, ábhair oiliúna, dea-chleachtais) mar chuid den Lárionad Acmhainne agus Cáipéisíochta (RDC), ag tosú leis an mbrainse OPERA de thionscadal taighde inscne na hEorpa, "QUING"[10]. Feidhmeoidh seimineár Eorpach ar oiliúint um chomhionannas agus príomhshruthú inscne atá le reáchtáil i bhfómhar na bliana 2012 mar ardán maith chun torthaí staidéar EIGE ar Oiliúint Inscne agus an bunachar sonraí nuashonraithe ar oiliúint inscne san AE a chur in láthair d'úsáideoirí agus do chleachtóirí. Bainfidh pobal níos leithne tairbhe as an obair trí ábhair agus pacáistí faisnéise a bheith á bhforbairt, a bheidh ar fáil ar iarratas agus tríd an RCD.

Ar an tríú dul síos, d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún Eorpach[11] Straitéis Eorpach a chumadh chun foréigean in aghaidh na mban a chosc agus a chomhrac trí chreat ginearálta de phrionsabail choiteanna agus d'ionstraimí feiliúnacha a chruthú a chuimsíonn na tosaíochtaí seo a leanas: '(c) Sa chomhthéacs sin, glacfar leis na chéad chéimeanna chun Faireachlann Eorpach ar Fhoréigean in aghaidh na mBan a bhunú, ag cur le struchtúir institiúideacha eiseacha.[12] (Féach 2.2.1. Bailiú sonraí agus staitisticí)

---

9 Coiste Comhairleach um Dheiseanna Comhionanna, 'Tuairim ar thodhchaí an bheartais chomhionannais inscne tar éis 2010 agus ar na tosaíochtaí le haghaidh creata féideartha amach anseo do chomhionannas idir mná agus fir' *[Opinion on the future of gender equality policy after 2010 and on the priorities for a possible future framework for equality between women and men]*, Eanáir 2010.

10 http://www.quing.eu/

11 Conclúidí na Comhairle maidir le foréigean in aghaidh na mban a dhíothú san Aontas Eorpach, 8ú Márta 2010, CL10-048EN

12 Conclúidí na Comhairle maidir le Foréigean In Aghaidh na mBan a Dhíothú san Aontas Eorpach. CL10-048EN.

### 2.3.2 Bailiú, Próiseáil agus Scaipeadh na nDea-chleachtas

Is minic a bhaintear úsáid as dea-chleachtais chun comhionannas inscne a chur chun cinn agus eispéiris maidir le hinscne a phríomhshruthú i mbeartais agus i gcláir de chuid Institiúidí an AE agus na mBallstát a roinnt. Baineann doiciméadú na ndea-chleachtas leis na céimeanna dearfacha a rinneadh chun comhionannas inscne a bhaint amach, a thaifeadadh. Tá gá le dea-chleachtais a shainaithint, a roinnt, agus a léirmhíniú: ní mór a gcodanna — .i. na comhthéacsanna ina n-oibríonn siad agus nach n-oibríonn siad; meicníochtaí a oibríonn — a shainaithint agus a scaipeadh. I rith 2011, d'fhorbair EIGE cur chuige i leith bailiú, próiseáil agus scaipeadh na ndea-chleachtas, a réitigh an bealach le haghaidh oibre amach anseo chun malartú na ndea-chleachtas éifeachtach a fheabhsú.

Agus é mar aidhm úsáid na gcleachtas feidhmithe i gcur chun feidhme na mbeartas comhionannais inscne a chur chun cinn, agus go háirithe iad sin a bhaineann le cur chun feidhme an BPfA, cuirfidh EIGE na chéad dea-chleachtais i réimse an Fhoréigin inscne/na Tacaíochta d'íospartaigh ar fáil in 2012.

In 2012, leanfaidh na tosaíochtaí don ghníomhaíocht seo na tosaíochtaí a roghnaíodh don chuid den chlár a bhaineann le hUirlisí agus Modhanna. Clúdóidh siad sin (i) na modhanna agus uirlisí úsáidte ag Uachtaránachtaí na Cipire, na hÉireann agus na Liotuáine laistigh de na réimsí BPfA roghnaithe i ndáil le foréigean baile agus tacaíocht d'íospartaigh, deighilt (margadh saothair agus oideachas) agus Meicníochtaí Institiúideacha agus (II) oiliúint um chomhionannas agus príomhshruthú inscne. Déanfar próiseáil ar na dea-chleachtais a shainaithnítear agus cuirfear iad ar fáil trí Lárionad Acmhainne agus Cáipéisíochta na hInstitiúide.

*Táscairí aschuir:* staidéar chun iniúchadh a dhéanamh ar dhea-chleachtais i ndáil le bailiú sonraí d'fhonn coinníollacha a chruthú ina bhféadfaí Faireachlann ar fhoréigean in aghaidh na mban a óstáil amach anseo (R2); staidéir ar dhea-chleachtais, ar uirlisí agus ar mhodhanna laistigh de na réimsí BPfA roghnaithe ag Éire agus an Liotuáin seolta (R1-R2); tuarascáil ar Oiliúint Inscne curtha i gcrích agus ar fáil ar láithreán gréasáin EIGE (R4); bunachar sonraí maidir le hoiliúint inscne agus oiliúnóirí inscne nuashonraithe, corás nuashonraithe curtha i bhfeidhm (R3); fardal de threoirleabhair agus d'ábhair oiliúna inscne foilsithe (R4); seimineár Eorpach ar oiliúint inscne (R4); ábhair agus pacáiste faisnéise ar oiliúint (R4); bunachar sonraí d'uirlisí agus de mhodhanna príomhshruthaithe inscne forbartha agus ar fáil, córas chun é a nuashonrú i bhfeidhm (R1-R4); líonra téamach ar oiliúint inscne curtha ar bun (R4); cruinnithe ad-hoc de shaineolaithe ar dhea-chleachtais a bhaineann le réimsí imní Uachtaránachta agus oiliúint um chomhionannas agus príomhshruthú inscne (R1- R3); foilseacháin ar Mhodhanna agus Uirlisí (R1-R4).

**Acmhainní daonna (2012)**

2.3.: Mór-réimse 2: Modhanna agus Cleachtais na hOibre Comhionannais Inscne a Bhailiú agus a Phróiseáil

| Gníomhairí sealadacha AD | Gníomhairí sealadacha AST | SNE[13] | Gníomhairí Conartha CA | Foireann iomlán | % | Teideal Buiséid 1 'FOIREANN' |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 4.9 | 1.25 | 2 | 0.70 | 8.85 | 19.67 | 560 493 |

[13] Saineolaí Náisiúnta ar Iasacht

## 2.4 LÁRIONAD ACMHAINNE AGUS CÁIPÉISÍOCHTA


*Aschur na gníomhaíochta:* **Faisnéis chuimsitheach ar chomhionannas inscne agus ar obair EIGE inrochtana do pháirtithe leasmhara agus don phobal**

### 2.4.1 BUNÚ LÁRIONAID ACMHAINNE AGUS CHÁIPÉISÍOCHTA

Ar ceann de phríomhchuspóirí na hInstitiúide tá Lárionad Acmhainne agus Cáipéisíochta (RDC) uathúil a bhunú mar uirlis lárnach chun faisnéis ábhartha a bhailiú agus a phróiseáil agus chun táirgí, taighde agus faisnéis bhailithe de chuid EIGE a scaipeadh ar na páirtithe leasmhara agus tairbhithe. Tá an RDC le hionad cáipéisíochta a chur ar bun a thairgfidh rochtain fhisiceach chomh maith le ar líne, lena n-áirítear catalóg domhanda ar líne agus leabharlann. Déanfaidh sé óstáil freisin ar an Líonra Eorpach um Chomhionannas Inscne (Líonra leictreonach).

Bunaithe ar an infreastruchtúr forbartha agus tástáilte in 2011, déanfar feabhsú agus nuashonrú ar struchtúr an RDC sna blianta atá le teacht.

Beidh trí cholún i gceist leis an Lárionad Acmhainne agus Cáipéisíochta, mar a léirítear thíos:




Cuimseoidh **an chéad cholún** den RDC Ionad cáipéisíochta a thairgeann rochtain fhisiceach chomh maith le ar líne, lena n-áirítear catalóg domhanda ar líne ina bhfuil acmhainní cáipéisíochta digiteacha agus leabharlann. Feidhmeoidh Lárionad cáipéisíochta EIGE mar ardán oscailte d'úsáideoirí chun rochtain a fháil ar líon méadaitheach faisnéise agus acmhainní maidir le comhionannas inscne in aon láthair amháin. Bunaithe ar an gcóras rangúcháin do gach cineál ábhair (leabhair, bróisiúir s.rl.) agus cáipéisíochta ar líne a forbraíodh agus a faomhadh in 2011, baileofar litríocht ábhartha, lena n-áirítear "litríocht liath" agus staidéir, foilseacháin agus ábhar feachtais na ngníomhairí comhionannais inscne (m.sh. rialtais, ENRanna), a bhfuil sé níos deacra teacht orthu ,i dteangacha éagsúla. Ionchódófar i mBéarla iad agus cuirfear iad ar fáil go buan de réir a chéile don phobal agus do pháirtithe leasmhara le haghaidh athbhreithnithe. Cuirfidh EIGE bailiú na n-ábhar in ord

tosaíochta de réir na réimsí den BPfA a roghnaíonn na hUachtaránachtaí, ach cuimseoidh sí freisin na hábhair a bhaileoidh EIGE i gcaitheamh a cuid gníomhaíochtaí eile.

I rith 2012, déanfar forbairt ar chomhaontuithe breise agus ar chineálacha comhoibrithe eile maidir le rochtain a fháil ar acmhainní san Eoraip agus iad a roinnt chun nuashonruithe uathoibríocha faisnéise a chumasú ó eagraíochtaí comhpháirtíochta, in éineacht le huirlisí teicniúla. D'fhonn forluí a sheachaint agus na hacmhainní a scaipeadh i lárionaid cháipéisíochta agus bunachair shonraí eiseacha, forbróidh an Institiúid riachtanais chaighdeánacha a chumasóidh cuardaigh agus uaslódálacha de shonraí seachtracha stóráilte in ionaid faisnéise agus acmhainne éagsúla maidir le staidéir, tuarascálacha agus taighde ábhartha.

Feidhmeoidh **an dara colún** den RDC, eadhon Lárionad Eolais EIGE, mar 'inchinn' an RDC, a dhéanfaidh próiseáil ar an ábhar atá bailithe faoi mhór-réimsí, modhanna éifeachtacha, uirlisí agus dea-chleachtais ar obair chomhionannais inscne de chuid EIGE; táirgfidh sé foilseacháin, tuarascálacha agus taighde riachtanacha freisin. I rith 2012, nuair a bheidh an t-infreastruchtúr teicniúil don RDC i bhfeidhm, déanfar an fhaisnéis sin a chumasc i mbunachar sonraí amháin agus beifear in ann rochtain a fháil air trí chomhéadan cuardaigh éasca le húsáid ar láithreán gréasáin buan EIGE.


I rith 2012, forbróidh EIGE straitéis bhainistíochta eolais, a dhéanfaidh próiseáil ar na cáipéisí, foilseacháin agus ábhair chumarsáide a táirgeadh ar (i) 12 réimse imní an BPfA, go háirithe torthaí na tacaíochta do thuarascálacha na nUachtaránachtaí agus (ii) saincheisteanna roghnaithe laistigh de na hUirlisí agus Modhanna agus Dea-chleachtais in obair um Príomhshruthú Inscne agus Comhionannas Inscne. Cuirfear téamaí cothrománacha sonracha – nach bhfuil clúdaithe go díreach ag 12 réimse imní an BPfA, cosúil le fir agus fireannachtaí, briseadh steiréitíopaí inscne agus/nó dea-chleachtais agus uirlisí agus modhanna oiliúna maidir le príomhshruthú inscne - leis an RDC. Déanfaidh an Lárionad Eolais anailís ar shonraí agus faisnéis bailithe agus forbróidh sé táirgí saincheaptha do shainghrúpaí éagsúla. Déanfaidh an Lárionad próiseáil freisin ar fhaisnéis faoi dhea-chleachtais, foilseacháin agus taighde a bhailítear ó pháirtithe leasmhara éagsúla d'fhonn iad a chur i láthair do líonraí téamacha an Líonra Eorpaigh um Chomhionannas Inscne agus d'úsáideoirí leasmhara eile.

Áiríonn **an tríú colún** den RDC an Líonra Eorpach um Chomhionannas Inscne leictreonach. Ceadóidh sé sin sonraí, cleachtais feidhmithe, taithí agus taighde a scaipeadh. Cothóidh an líonra seo díospóireacht agus sineirgí (féach pointe 2.4.2). Cruthóidh na líonraí téamacha de shaineolaithe, bunaithe idir 2010-2011, núicléas an Líonra Eorpaigh, ag cur tús le malartú faisnéise agus comhthiomsú acmhainní laistigh dá réimsí inniúlachta faoi seach. Cuirfear tús le roinnt líonraí téamacha nua agus méadófar líon na gcomhaltaí sna líonraí téamacha de réir a chéile. Molfaidh an Líonra Eorpach bealaí éifeachtacha freisin le teagmhálacha a éascú idir eagraíochtaí agus daoine aonair éagsúla ar spéis leo comhoibriú sna cláir agus tionscnaimh Eorpacha agus náisiúnta a chuireann comhionannas inscne chun cinn.

Tar éis na dteagmhálacha tosaigh a ndearnadh idir 2010 agus 2011 leis an saol acadúil agus le lárionaid acmhainne / faisnéise / cháipéisíochta maidir le dul chun cinn na mban agus saincheisteanna comhionannais

inscne, go háirithe trí Líonra um ionaid faisnéise na mban (WINE) a áireamh[14] chomh maith le ceann de na heagraíochtaí taighdeoirí is tábhachtaí, ATGENDER[15], méadóidh EIGE a cuid comhair le líon méadaitheach páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe, mar atá léirithe san fhigiúr thíos:

Comhoibriú Beartaithe




## Seoladh RDC

Nuair a ghluaiseann an Institiúid chuig a háitreabh nua, seolfar an RDC iomlán go hoifigiúil ar an suíomh agus ar líne. Tar éis sraith de rití tástála agus de threoirthionscadail, cuirfear an RDC agus a thrí cholún – RDC, Lárionad Eolais EIGE agus an Líonra Eorpach um Chomhionannas Inscne - i láthair don phobal i gcoitinne.

## Comhthiomsú Acmhainní Mná na hEorpa

I gcomhréir leis an tasc sainmhínithe sa Rialachán – "faisnéis maidir le samplaí dearfacha de róil neamh-steiréitipiciúla do mhná agus d'fhir ó ghnéithe uile an tsaoil a scaipeadh, a chuid torthaí a chur i láthair mar aon le tionscaimh atá deartha chun scéalta rathúla dá leithéid a phoibliú agus a fhorbairt,"[16] – leanfaidh an Institiúid ag comhtháthú ainmneacha bailithe agus faisnéis faoi shaineolaithe baineanna agus/nó rólchuspaí baineanna inspioráideacha isteach i mbunachar sonraí RCD. Cuirfear na sonraí sin ar fáil do pháirtithe leasmhara

---

[14] Is ionann WINE agus líonra de leabharlanna, de chartlanna agus d'ionaid faisnéise na mban san Eoraip. I láthair na huaire is comhaltaí iad níos mó ná 50 eagraíocht ó thíortha difriúla i líonraí de chuid WINE, a bhfuil sé de chuspóir acu ardán coiteann a sholáthar do leabharlanna mhná na hEorpa i dtéarmaí oideachais agus taighde i staidéir inscne, feimineacha agus léann na mban.

[15] Is cumann leathan é an Cumann Eorpach um Thaighde Inscne, Oideachas agus Cáipéisíocht don lucht acadúil, do chleachtóirí, do ghníomhaígh agus d'institiúidí i réimse an Staidéir Inscne agus Léann na mBan, Taighde Feimineach, cearta na mban, comhionannas inscne agus éagsúlacht.

[16] Rialachán (CE) Uimh. 1922/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne a bhunú, I.O. L 403/9, Airt.3.

inmheánacha agus seachtracha le húsáid chun tacú lena gcuid gníomhaíochtaí (m.sh. imeachtaí, oiliúint, s.rl.). D'fhéadfadh saineolaithe cumarsáide agus na meán, taighdeoirí agus/nó poibleoirí tairbhe a bhaint as an saineolas sa chomhthiomsú acmhainne freisin.

I rith 2012, bunaithe ar thorthaí de chuid staidéar an Choimisiúin ar fhir agus fhireannachtaí agus staidéar mapála EIGE féin, leathnóidh an bunachar sonraí seo an fhaisnéis ar fhir mar rólchuspaí agus saineolaithe san obair chomhionannais inscne.

### Féilire um Mná ag Spreagadh na hEorpa (WIE)

Ag tarraingt ar na hainmniúcháin do Chomhthiomsú acmhainne EIGE, beidh na hainmnithigh le feiceáil don tríú uair san Fhéilire um Mná ag Spreagadh na hEorpa (WIE) de chuid EIGE - 2013. Aibhseoidh an féilire éachtaí na mban, cuirfidh sí samplaí baineanna dearfacha chun cinn agus tabharfaidh sí ómós do roinnt de na mná is iontaí san Eoraip. Foilseoidh EIGE gné-alt iomlán faoi gach bean. Cuirfidh an féilire sonraí i láthair faoi na bearnaí inscne i réimse gníomhaíochta na mná roghnaithe. Tairgfidh imeachtaí ar chomhionannas inscne san AE, atá marcáilte cheana féin san fhéilire do 2013, íomhá leathan agus chomhdhlúite de thionscnaimh chomhionannais inscne i rith na bliana. I gcomhthéacs Lá Idirnáisiúnta na mBan, seolfar léiriúcháin chlosamhairc de mhná an fhéilire ar an ngréasán agus ar chainéil eile. D'fhonn comhionannas inscne a leathnú sa ghníomhaíocht seo, déanfar machnamh ar rólchuspaí fireanna a áireamh nuair a bheifear ag déanamh forbartha ar an gcéad Chlár oibre meántéarma eile de chuid na hInstitiúide agus ar an bhFéilire do 2013.

## 2.4.2 An Líonra Eorpach um Chomhionannas Inscne

Seolfar an Líonra Eorpach leictreonach um Chomhionannas Inscne in 2012 agus é mar aidhm comhthiomsú na n-acmhainní a bharrfheabhsú, agus faisnéis ábhartha a bhailiú, a úsáid agus a mhalartú idir gníomhairí agus páirtithe leasmhara. Cuimseoidh sé ardán ginearálta agus spás tiomanta le haghaidh líonraí téamacha éagsúla. Soláthróidh na líonraí téamacha, arna mbunú ag Fóram Saineolaithe EIGE in 2010-2011, bonn fónta chun díospóireachtaí a bheochan agus faisnéis agus saineolas a mhalartú sa sainréimse i measc grúpaí gairme agus níos leithne laistigh den Líonra Eorpach um Chomhionannas Inscne. Ceadóidh an t-ardán do chomhaltaí líonraí téamacha a chruthú ad-hoc.

Comhtháthaíodh torthaí agus moltaí an "Staidéir Féidearthachta ar chineálacha éifeachtacha líonraí leictreonacha", a seoladh in 2010, i gcoincheap an Líonra, na gcrua-earraí agus na mbogearraí a bhí de dhíth le haghaidh feidhmiú réidh an Líonra in 2011.

Seolfar feachtas faisnéise spriocdhírithe chun comhaltaí a mhealladh chuig an Líonra. Ón tús, tairgfear méid suntasach eolais agus acmhainní atá stóráilte sa Lárionad Acmhainne agus Cáipéisíochta ar chomhaltaí an Líonra (léirigh an staidéar féidearthachta go laghdaítear spéis tromlach na n-úsáideoirí mura mbíonn an fhaisnéis ina bhfuil suim acu ar fáil). Forbróidh an Institiúid plean gníomhaíochta freisin do chéim tionscnaimh an líonra (m.sh. agallamh le gníomhaire comhionannais inscne ardphróifíle; díospóireachtaí téamacha a sheoladh; podchraoltaí; staidéir EIGE féin a sheoladh, s.rl.).

Áireofar sa Líonra Eorpach um Chomhionannas Inscne cineálacha éagsúla idirghníomhaíochta agus pointí faisnéise, cosúil le féilire grúpa poiblí; spásanna pobail/fóraim ghréasáin phoiblí agus phríobháideacha; aistritheoir ábhair d'fhonn bacainní teanga a shárú; uirlisí líonraithe sóisialta; nuacht & fothaí RSS; vótáil agus suirbhéanna; spásanna d'fhoirne oibre a sholáthraíonn spás chun cáipéisí & tionscadail chomhoibritheacha a fhorbairt; comhdhálacha ar líne; stór máistir-shonraí, s.rl.

Cuirfear córas monatóireachta i bhfeidhm ar a Chóras Faisnéise Bainistíochta um Páirtithe Leasmhara (bunachar sonraí gréasán-bhunaithe) a chuirfidh ar chumas EIGE athruithe féideartha bainteach lena páirtithe leasmhara a nuashonrú, lena n-áirítear ainmneacha nó seoltaí gréasáin eagraíochtaí, athruithe ar a gcuid struchtúr, mar aon le fairsingiú nó dúnadh 2.5.2).

*Táscairí aschuir:* líon méadaithe de chomhaontuithe comhair le lárionaid taighde, leabharlanna agus lárionaid faisnéise (R1-R4); Feachtas faisnéise líonra seolta (R1); sonraí agus faisnéis ar dhá réimse nua den BPfA ag an RDC ar fáil (R4); féilire "Mná ag Spreagadh na hEorpa – 2013" clóite agus dáilte (R4); léiriúcháin físeáin de na Mná ag Spreagadh na hEorpa 2013 seolta (R1); uirlisí TF don líonra leictreonach i mbun seirbhíse (R3-R4); córas i bhfeidhm chun nuashonrú agus monatóireacht a dhéanamh ar an ardán TF (R4).

**Acmhainní Daonna (2012)**

2.4.: Lárionad Acmhainne agus Cáipéisíochta

| Gníomhairí sealadacha AD | Gníomhairí sealadacha AST | SNE | Gníomhairí Conartha CA | Iomlán | % | Teideal Buiséid 1 'FOIREANN' |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 3 | 1.35 | 0.5 | 1.5 | 6.35 | 14.11 | 421 988 |

## 2.5 ARDÚ FEASACHTA, LÍONRÚ AGUS CUMARSÁID

*Aschur na gníomhaíochta:* **Cumarsáid agus malartú le páirtithe leasmhara, líonraí agus saoránaigh an AE**

### 2.5.1 STRAITÉIS CHUMARSÁIDE A FHORBAIRT

Tá cur chuige forfheidhmithe na hInstitiúide bunaithe ar an bprionsabal go gcuimsíonn gach mórghníomhaíocht de chuid EIGE straitéis chumarsáide a chinntíonn go mbíonn torthaí na ngníomhaíochtaí uile infheicthe agus a chuireann úsáid na modhanna, na n-uirlisí nó na ndea-chleachtas forbartha chun cinn. Breathnófar ar na straitéisí sin mar theachtaireacht aonair láidir agus soiléir a bheidh mar chuid de straitéis chumarsáide na hInstitiúide, a fheidhmeoidh mar bhonn chun cuspóir foriomlán EIGE maidir le hardú feasachta a chur chun feidhme. Maidir lena cuid úsáideoirí deiridh, ar fud na mór-réimsí chomh maith le laistigh den obair shonrach le cumarsáid, ardóidh an Institiúid feasacht trí shainghrúpaí iomadúla agus trí iolraitheoirí, a áireoidh institiúidí ceaptha beartais, taighdeoirí, comhpháirtithe sóisialta agus daoine eile. Feidhmeoidh an straitéis mar phríomhshraith treoirlínte Faisnéise na hInstitiúide, mar aon le treochlár d'uirlisí agus do lucht leanúna araon.

Cumasóidh forbairt ar bhealaí chun láithreán gréasáin na hInstitiúide a nascadh leis an Líonra Eorpach ar Chomhionannas Inscne agus le bunachair shonraí de chuid líon méadaitheach eagraíochtaí páirtithe leasmhara,

chomh maith le naisc a bhunú le Lárionad Acmhainne agus Cáipéisíochta na hInstitiúide, feidhmiú réidh chodanna uile an RDC faoi dheireadh na bliana 2012.

Bunaithe ar an straitéis chumarsáide seachtrach agus ar thorthaí de mhapáil na bpáirtithe leasmhara, forbrófar cineálacha agus míreanna breise faisnéise don na príomh-spriocghrúpaí sainithe le scaipeadh tríd an láithreán gréasáin. Méadóidh an Institiúid infheictheacht réimsí agus tháscairí an BPfA agus scaipfidh sí tuarascálacha, athbhreithnithe agus nuashonruithe níos luaithe na hUachtaránachta a cuireadh i gcrích go hinmheánach maidir le réimsí imní eile, tuarascálacha ullmhaithe ag EIGE, bileoga eolais agus mínithe atá éasca le tuiscint ar staitisticí agus sonraí a bhaineann le cur chun feidhme Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising. Tabharfar an fhorbairt ar ardán speisialta chun cuidiú le comhaltaí an Bhoird Bhainistíochta agus an Fhóraim Saineolaithe i ndáil le faisnéis agus tuairimí ar ghníomhaíochtaí na hInstitiúide a mhalartú, chun críche.

D'fhonn tacú le scaipeadh rialta faisnéise agus comhpháirtíochtaí na meán a chomhdhlúthú ar leibhéil AE agus náisiúnta le haghaidh scaipthe faisnéise níos leithne, níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla, cuirfear comhairliúcháin le hiriseoirí agus le saineolaithe na meán ar bun in 2012. Cuirfidh fairsingiú Bunachar Sonraí na Meán (arna bhunú in 2011) ar chumas EIGE cruth a chur ar theachtaireachtaí, sainghrúpaí a shainiú agus cainéil chumarsáide feidhmithe a fháil do na meáin a bhfuil suim acu i gcomhionannas inscne sna Ballstáit.

### 2.5.2 PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS COMHPHÁIRTITHE EIGE

*Aschur na gníomhaíochta:* **Comhpháirtíocht ar fud na hEorpa bunaithe**

Tar éis comhtháthú an chomhionannais inscne, Ard-Stiúrthóireacht Cheartais an Choimisiúin Eorpaigh agus na braisle comhghníomhaireachtaí iarmhartaí nua a bhaineann léi, tá sé i gceist ag EIGE a cuid gníomhaíochtaí líonraithe a fhairsingiú.

Bainfear úsáid as comhar a bunaíodh in 2010 leis na comhghníomhaireachtaí[17] chun pleananna oibre praiticiúla a chruthú laistigh de thaighde, cumarsáid agus líonrú, chun sineirgí a chruthú agus chun teacht ar chomhaontú maidir le comhghníomhartha nó tionscadail chomhair eile don chéad Clár Oibre Meántéarma eile.

D'fhonn comhphlé agus líonrú a chinntiú agus a neartú sa bhreis in 2012, treiseoidh EIGE a cuid teagmhálacha leis na príomhpháirtithe Eorpacha go léir: an Coimisiún Eorpach, go háirithe, Ard-Stiúrthóireacht an Cheartais, chomh maith le Eurostat i gcreat de chuid an Mheabhráin Tuisceana idir EIGE agus Eurostat[18]; Parlaimint na hEorpa; Coiste FEMM agus Coistí eile; Gníomhaireachtaí Eorpacha eile; Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa; Coiste na Réigiún; Ballstáit an AE; na Comhpháirtithe Sóisialta Eorpacha; lárionaid acadúla agus taighde; eagraíochtaí sochaí sibhialta na hEorpa agus eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha eile, agus oifigí staidrimh náisiúnta.

---

[17] An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound), an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) agus an Lárionad um Fhorbairt na Gairmoiliúna (CEDEFOP).

[18] Rachaidh EIGE i gcomhlachas le Eurostat go luath maidir leis na tionscnaimh go léir a mbaineann gnéithe staidrimh leo.

Cuirfear Pleananna Rannpháirtíochta Sonracha na bPáirtithe Leasmhara chun cinn i ndáil leis na gníomhaíochtaí i mór-réimsí éagsúla: Táscairí Bhéising, Innéacs an Chomhionannais Inscne, Príomhshruthú Inscne, Lárionad Acmhainne agus Cáipéisíochta EIGE.

Díreoidh an obair freisin ar mhonatóireacht agus nuashonrú a dhéanamh ar struchtúir agus meicníochtaí, a fhorbrófar chun cruinneas na faisnéise sa bhunachar sonraí cruthaithe do pháirtithe leasmhara a chinntiú, agus í a chur ar fáil go héasca ar an láithreán gréasáin. Agus é mar aidhm an fhaisnéis a bailíodh ar pháirtithe leasmhara idir 2010-2011 a nuashonrú, forbróidh agus cuirfidh EIGE tús le córas monatóireachta i ndáil lena Córas Faisnéise Bainistíochta um Páirtithe Leasmhara (bunachar sonraí gréasán-bhunaithe). Cuirfidh sé sin ar chumas na hInstitiúide athruithe a aithint agus faisnéis ar pháirtithe leasmhara a nuashonrú, lena n-áirítear ainmneacha, seoltaí gréasáin eagraíochtaí mar aon le hathruithe institiúide, cosúil le dúnadh nó fairsingiú eagraíochtaí/ranna.

Tabharfaidh iarrachtaí EIGE chun Clár Oibre Meántéarma úsáideach agus éifeachtach a fhorbairt do 2013-2015, an próiseas comhairliúcháin leathan le páirtithe leasmhara, a thosaigh sa tríú ráithe de 2011, chun críche. Seachas sin, déanfaidh na comhairliúcháin breithniú ar thorthaí ó staidéir coimisiúnaithe ag EIGE, cosúil leis an "Dara measúnú ex-ante ag EIGE ag díriú ar chuspóirí agus oibríochtaí sonracha na n-institiúidí" *[Second ex-ante evaluation of EIGE focusing on the institutes' specific objectives and operations]* agus an "Staidéar um Páirtithe Leasmhara agus Gníomhairí a mhapáil ar leibhéal Eorpach agus Tíortha Aontachais maidir le hobair comhionannais inscne: A gcuid leasanna agus riachtanas a mhapáil, mar aon leo siúd de chuid páirtithe leasmhara aonair" *[Study for Mapping Stakeholders and Actors at European level and Accession Countries in relation to gender equality work: Mapping their interests and needs, as well as those of individual stakeholders]*.

*Táscairí Aschuir:* imeachtaí/féilire ar an ngréasán (R1); líon na gcomhpháirtíochtaí cumarsáide ar leibhéil an AE agus na mBallstát R1, R2); cruinnithe comhairliúcháin le páirtithe leasmhara (R1, R2); r-fhoilseacháin (R2); Córas bainistíochta faisnéise na bpáirtithe leasmhara soláthartha (R3).

**Acmhainní Daonna (2012)**

2.5: Ardú feasachta, líonrú agus cumarsáid

| Gníomhairí sealadacha AD | Gníomhairí sealadacha AST | SNE | Gníomhairí Conartha CA | Iomlán | % | Teideal Buiséid 1 'FOIREANN' |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 3.3 | 1.55 | 0.5 | 1.7 | 7.05 | 15.67 | 454 638 |

## 3 ACHOIMRE AR ACMHAINNÍ DAONNA AGUS AIRGEADAIS

| GNÍOMHAÍOCHTAÍ | | | Buiséad 2012 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | *2 990 000* | *1 200 000* | *3 630 000* | *7.820.000* | |
| | **% d'iomlán na foirne** | **Foireann iomlán** | **TEIDEAL 1 Foireann** | **TEIDEAL 2 Infreastruchtúr** | **TEIDEAL 3 Oibríochtúil** | **Buiséad Iomlán** | **% Buiséid** |
| **2.1 Bunú institiúideach agus comhlachtaí na hInstitiúide** | 24.67 | 11.10 | 730 676 | 293 248 | 71 238 (aistriúchán) | 1,095,159 | 14% |
| **2.2. Mór-réimse 1: Táscairí agus sonraí inchomparáideacha agus iontaofa ar chomhionannas inscne** | 25.89 | 11.65 | 822 463 | 330 085 | 1 281 739 | 2,434,284 | 31% |
| **2.3. Mór-réimse 2: Modhanna agus cleachtais na hoibre comhionannais inscne a bhailiú agus a phróiseáil** | 19.67 | 8.85 | 560 493 | 224 947 | 1 081 739 | 1,867,179 | 24% |
| **2.4 Lárionad Acmhainne agus Cáipéisíochta** | 14.11 | 6.35 | 421 988 | 169 360 | 559 831 | 1,151,178 | 15% |
| **2.5. Ardú feasachta, líonrú agus cumarsáid** | 15.67 | 7.05 | 454 638 | 182 463 | 635 214 | 1,272,315 | 16% |
| | **100** | **45** | **2 990 000** | **1 200 000** | **3 630 000** | **7,820,000** | **100%** |

## 4 PLEAN BUNAÍOCHTA: 2012

| Grád/grúpa feidhme | Plean bunaíochta údaraithe 2010 | Plean bunaíochta údaraithe 2011 | Plean bunaíochta iarrtha 2012 |
|---|---|---|---|
| AD16 | | | |
| AD15 | | | |
| AD14 | | | |
| AD13 | 1 | 1 | 1 |
| AD12 | | | |
| AD11 | 1 | 1 | 1 |
| AD10 | 1 | 1 | 1 |
| AD9 | 1 | 1 | 1 |
| AD8 | 3 | 4 | 6 |
| AD7 | 2 | 3 | 4 |
| AD6 | 1 | 1 | 1 |
| AD5 | 8 | 8 | 8 |
| ***AD IOMLÁN*** | ***18*** | ***20*** | ***23*** |
| AST11 | | | |
| AST10 | | | |
| AST9 | | | |
| AST8 | | | |
| AST7 | | | |
| AST6 | 2 | 2 | 2 |
| AST5 | 3 | 3 | 3 |
| AST4 | 2 | 2 | 2 |
| AST3 | | | |
| AST2 | | | |
| AST1 | | | |
| ***AST IOMLÁN*** | ***7*** | ***7*** | ***7*** |
| ***AD/AST IOMLÁN*** | ***25*** | ***27*** | ***30*** |

# Foireann eile

**Gníomhairí conartha**

| Grúpa feidhme | 2010 | 2011 | Beartaithe 2012 |
|---|---|---|---|
| FG IV | 2 | 2 | 3 |
| FG III | 2 | 2 | 4 |
| FG II | 2 | 2 | 2 |
| ***IOMLÁN*** | ***6*** | ***6*** | ***9*** |

**Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht (SNE)**

| | 2010 | 2011 | Beartaithe 2012 |
|---|---|---|---|
| SNE | 3 | 3 | 6 |

# 5 MONATÓIREACHT AGUS MEASTÓIREACHT

## 5.1 MONATÓIREACHT AR CHUR CHUN FEIDHME

Mar chuid den chur chuige Monatóireachta Bunaithe ar Thorthaí, baileoidh agus déanfaidh an Institiúid anailís ar fhaisnéis maidir le tuilleadh dul chun cinn déanta ag cur an Chláir Oibre Meántéarma 2010-2012 chun feidhme. Ar fhoras torthaí agus moltaí an dara meastóireacht Ex-ante, baileofar sonraí bonnlíne; forbrófar táscairí agus spriocanna chun dearadh feabhsaithe a sholáthar do Bhord Bainistíochta agus do phríomhpháirtithe leasmhara EIGE le haghaidh Clár Oibre Bliantúil agus Meántéarma amach anseo.

Cuirfidh torthaí agus moltaí na meastóireachta Ex-ante, arna n-anailísiú ag an Institiúid d'fhonn forbairt a dhéanamh ar tháscairí chun éifeachtaí (tionchar) fadtéarmacha a cuid oibre a thomhas, ar a cumas moltaí atá fírinnithe go cuí a ullmhú, ionas gur féidir a dearcthaí fadtéarmacha todhchaíocha a léiriú sa chéad Chlár Oibre Meántéarma eile do 2013-2015.

Cuirfear córas monatóireachta na hInstitiúide i gcrích in 2012 agus déanfar comhdhlúthú air ionas go n-úsáidfear é chun na Caighdeáin Rialaithe Inmheánacha a bhainistiú agus an nós imeachta um tuairisciú rialta a fhorbairt.

Chomh maith leis sin, i rith 2012, cuirfidh an próiseas maidir le coimisiúnú a dhéanamh ar an gcéad mheastóireacht Mheántéarma den Institiúid ar chumas na hInstitiúide agus a Boird Bhainistíochta dul chun cinn a athbhreithniú ó thaobh dearcaidh mheántéarma de.

## 5.2 TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2012

Faoi dheireadh na bliana 2012, beidh an dara Tuarascáil Bhliantúil agus Tuarascáil Bhliantúil Gníomhaíochta ag cur éachtaí na bliana i láthair ullmhaithe agus curtha i láthair don Bhord Bainistíochta agus do gach páirtí leasmhar ábhartha eile.

# Iarscríbhinn 1 Staidéir atá Beartaithe don bhliain 2012

| | | |
|---|---|---|
| **2.2 Mór-réimse 1: Táscairí agus Sonraí Inchomparáide agus Iontaofa ar Chomhionannas Inscne** | | |
| **2.2.1 Bailiú sonraí agus staitisticí ar 12 réimse criticiúil an BPfA/ Tacaíocht a Sholáthar d'Uachtaránachtaí na Danmhairge, na Cipire, na hÉireann agus na Liotuáine um Chomhairle an AE** | Staidéar ar athbhreithniú táscairí de chuid réimse roghnaithe amháin den BPfA -Éire | **R1** |
| | Staidéar ar athbhreithniú táscairí de chuid réimse roghnaithe amháin den BPfA –an Liotuáin | **R2** |
| **2.3 Mór-réimse 2: Modhanna agus Cleachtais na hOibre Comhionannais Inscne a Bhailiú agus a Phróiseáil** | | |
| **2.3.1 Modhanna agus Uirlisí Príomhshruthaithe Inscne a Fhorbairt** | Staidéar chun iniúchadh a dhéanamh ar dhea-chleachtais i ndáil le bailiú sonraí d'fhonn coinníollacha a chruthú ina bhféadfaí Faireachlann ar fhoréigean in aghaidh na mban a óstáil amach anseo | **R2** |
| **2.3.2 Bailiú, Próiseáil agus Scaipeadh na nDea-chleachtas** | Staidéar ar dhea-chleachtais, uirlisí agus modhanna a bhaineann leis an réimse roghnaithe den BPfA - Éire | **R1** |
| | Staidéar ar dhea-chleachtais, uirlisí agus modhanna a bhaineann leis an réimse roghnaithe den BPfA – an Liotuáin | **R2** |

Sa bhuiséad, beidh méid áirithe tiomanta d'iarratais staidéir gan choinne.

## Iarscríbhinn 2 Plean Trialach um Aschuir agus Ghníomhaíochtaí

| DÁTA AN DOICIMÉID: 21/7/2011 | CUIRTEAR AN GANTT SEO IN OIRIÚINT GO LEANÚNACH MAR A THAGANN CRUTH AR PHLEANÁIL EIGE | | 2012 | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| RÉIMSE | RIARACHÁN | TEIDEAL AN DOICIMÉID | EANÁIR | FEABHRA | MÁRTA | AIBREÁN | BEALTAINE | MEITHEAMH | IÚIL | LÚNASA | MEÁN FÓMHAIR | DEIREADH FÓMHAIR | SAMHAIN | NOLLAIG |
| 2.1 BUNÚ INSTITIÚIDEACH AGUS COMHLACHTAÍ EIGE | Doiciméid straitéiseacha | Tuarascálacha ráithiúla (ullmhúchán & seachadadh) | | | TR-1 | | | TR-2 | | | TR-3 | | | |
| | | Tuarascáil Bhliantúil | | | 1ú dréacht | ráitis ó BB | ? - TBD | | COM | | | ? - TBD | | → TB 2012 |
| | | Tuarascáil Bhliantúil Gníomhaíochta | | | 1ú dréacht | | ? - TBD | | COM | | | ? - TBD | | → TBG 2012 |
| | | Clár Oibre N+1 (2013) | → | | 1ú dréacht | | | | COM | | | ? - TBD | | |
| | | | | | | | | | | | | | | |
| Cruinnithe na mBord Bainistíochta | | | → | | Cruinniú Comhphá irteach BB & FS / R1 | | | BB / R2 | | | | BB / ?, R4 | | |
| Cruinnithe an Fhóraim Shaineolaithe | | | → | | | | | | | | FS / ?, R3 | | FS / ?, R4 | |
| Bunú institiúideach | | Plean Bunaíochta | → | | GT | | | | | | | | | |
| | | Rialacha a Chur Chun Feidhme sa Rialachán Foirne | | | | | | GT | | | | | GT | |
| | | | | | | | | | | | | | | |
| MÓR-RÉIMSE | FORÉIMSE | TÁSCAIRE ASCHUIR | | | | | | | | | | | | |
| 2.2 TÁSCAIRÍ AGUS SONRAÍ INCHOMPARÁIDE AGUS IONTAOFA AR CHOMHIONANNAS INSCNE | Bailiú sonraí agus staitisticí ar 12 réimse criticiúil imní an BPfA/ Tacaíocht a sholáthar d'Uachtaránachtaí DK, CY, IE agus LT um Chomhairle an AE; Foréigean Inscne | Staidéar ar réimse roghnaithe den BPfA do IE | | | L R1 | | | | | | | | DTD | |
| | | Staidéar ar réimse roghnaithe den BPfA do LT | | | | | | L R2 | | | | | | → |
| | | Tuarascáil don Uachtaránacht DK seachadta | | TD | | | | | | | | | | |
| | | Tuarascáil don Uachtaránacht CY seachadta | | | | | | | | | TD | | | |
| | | Tuarascáil don Uachtaránacht IE dréachtaithe | | | | | | | | | | | | DTD |
| | | Cruinnithe de GO Tháscairí Bhéising | | | | | | FS-GO Bhéising | | | FS-GO Bhéising | | | |
| | | Cruinnithe le Rialtas na nUachtaránachtaí Comhairle reatha agus le teacht (IE, DK, CY, LT, GR) | | | CRial - DK - 2012 / ?, R1 | CRial - GR - 2014 / ?, R2 | CRial - IE - 2013 / ?, R2 | CRial - LT - 2013 / ?, R2 | | | CRial - CY - 2012 / ?, R3 | CRial - GR - 2014 / ?, R4 | CRial - IE - 2013 / ?, R4 | CRial - LT - 2013 / ?, R4 |
| | | | | | | | CC - IE - 2013 / ?, R2 | | | | CC - CY - 2012 / ?, R3 | | | |
| | | Staidéar ar mhapáil na staide reatha agus treochtaí FGM (cuid 1) | → 8/2011 | TE-1 | | TE-2 | AP | Sonraí F - FGM infhaighte mapáilte | | | TE-3 | | TD ] | |
| | | Cruinnithe comhairliúcháin le saineolaithe i réimsí roghnaithe ag CY agus IE | | | CC / ?, R1 | | | CC / ?, R2 | | | | | | |
| | Innéacs an Chomhionannais Inscne | Cruinnithe GO GEI | → | | | | GO GEI / ?, R2 | | | | | GO GEI / ?, R4 | GO GEI / ?, R4 | |
| | | Comhairliúcháin le soláthraithe foinsí sonraí idirnáisiúnta, Eorpacha agus náisiúnta agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile | | | | | | CC / ?, R2 | | | CC / ?, R3 nó R4 | | CC / ?, R4 | |

| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Seimineár comhairliúcháin idirnáisiúnta ar Thomhas an Chomhionannais Inscne san Eoraip | | | | | | | | | | | CI, ? R4 | |
| | | Foilseachán ar an GEI | → | | | | | | | | | | F | |
| MÓR-RÉIMSE | FORÉIMSE | TÁSCAIRE ASCHUIR | | | | | | | | | | | | |
| 2.3 MODHANNA AGUS CLEACHTAIS NA HOIBRE COMHIONANNAIS INSCNE A BHAILIÚ AGUS A PHRÓISEÁIL | Modhanna agus Uirlisí Príomhshruthaithe Inscne | Staidéar ar dhea-chleachtais i ndáil le bailiú sonraí le haghaidh Faireachlainne ar fhoréigean in aghaidh na mban amach anseo | | | | | | L R2 | | | | | | → |
| | | Staidéir ar dhea-chleachtais, uirlisí agus modhanna sna réimsí roghnaithe den BPfA do IE | | | L R1 | | | | | | | | DTD | |
| | | Staidéir ar dhea-chleachtais, uirlisí agus modhanna sna réimsí roghnaithe den BPfA do LT | | | | | | L R2 | | | | | | → |
| | | Staidéir ar réimsí roghnaithe den BPfA do CY | → | | | | | TD - R4 | | | | | | |
| | | Tuarascáil ar Oiliúint Inscne | → | | | | | | | | | | TC | |
| | | Bunachar sonraí ar oiliúint inscne agus oiliúnóirí inscne, móide córas nuashonrúcháin | → | | | | | | | | | | TC | |
| | Bailiú, Próiseáil agus scaipeadh na nDea-chleachtas | Fardal de lámhleabhair agus ábhair oiliúna foilsithe | → | | | | | | | | | | F | |
| | | Bunachar sonraí de mhodhanna agus uirlisí príomhshruthaithe inscne | → | | F | | | | | | | | F | |
| | | Líonra Eorpach ar Oiliúint inscne | → | | | | | | | | | | GT | |
| | | Cruinnithe saineolaithe ar dhea-chleachtais i réimsí Uachtaránachta an BPfA agus oiliúint um chomhionannas agus príomhshruthú inscne | | | ? - TBD | | | ? - TBD | | | ? - TBD | | ? - TBD | |
| | | Foilseacháin ar mhodhanna agus uirlisí | | | F / ? - TBD | | | F / ? - TBD | | | F / ? - TBD | | F / ? - TBD | |
| 2.4 LÁRIONAD ACMHAINNE AGUS CÁIPÉISÍOCHTA | Bunú RDC | Líon méadaithe de chomhaontuithe comhair le hionaid taighde, leabharlanna agus ionaid faisnéise | → | | GT | | | | | | | | GT | |
| | | Sonraí agus faisnéis ar dhá réimse nua den BPfA ag an RDC ar fáil | → | | | | | | | | | | GT | |
| | | Féilire "Mná ag Spreagadh na hEorpa – 2013" clóite agus dáilte | | | | | | | | | | | F | |
| | | Léiriúcháin físeáin de na Mná ag Spreagadh na hEorpa 2013 seolta | | | F | | | | | | | | | |
| | An Líonra Eorpach um Chomhionannas Inscne | Feachtas faisnéise líonra seolta | | | F | | | | | | | | | |
| | | Uirlisí TF don líonra leictreonach i mbun seirbhíse | | | | | | | | | GT | | GT | |

| | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | **Córas i bhfeidhm chun nuashonrú agus monatóireacht a dhéanamh ar an ardán TF** | | | | | | | | | | **GT** | |

| MÓR-RÉIMSE | SUB-AREA | TÁSCAIRE ASCHUIR | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2.5 ARDÚ FEASACHTA, LÍONRÚ AGUS CUMARSÁID | Straitéis chumarsáide a fhorbairt | Imeachtaí / féilire ar an ngréasán | | | F | | | | | | | | | |
| | | Líon na gComhpháirtíochtaí Cumarsáide ar leibhéil an AE agus na mBallstát | | | GT | | | GT | | | | | | |
| | Páirtithe Leasmhara agus Comhpháirtithe EIGE | Cruinnithe Comhairliúcháin le Páirtithe Leasmhara | | | GT | | | GT | | | | | | |
| | | R-fhoilseacháin | | | | | | F | | | | | | |
| | | Córas bainistíochta faisnéise na bpáirtithe leasmhara soláthartha | | | | | | | | | GT | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | |
| Doirse Oscailte | | | | | 8 | | ?, R2 | | | | | Leabharlann / ?, R3 | | |
| Comhar na ngníomhaireachtaí, go háirithe FRA, EUROFOUND, EU-OSHA, Cedefop | | | | | | | | | | | | | | |
| Eile | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | |
| Cuairteanna VIP | | | | | | | | | | | | | | |

## CÓID ÚSÁIDTE CHUN CRUINNITHE agus ASCHUIR A CHUR IN IÚL

| | |
|---|---|
| **L** | Staidéar Lainseáilte |
| **C** | Conradh Sínithe |
| **CT** | Cruinniú Tionscanta |
| **TE** | Tuarascáil Eatramhach |
| **DTD** | Dréacht-Tuarascáil Deiridh |
| **TD** | Tuarascáil Deiridh |
| **TR** | Tuarascáil Ráithiúil (tuarascáil um dhul chun cinn) |
| **F** | Foilsiú an táirge insoláthartha (ailt, staidéir, tuarascáil, bunachar sonraí, cur i gcrích táirge insoláthartha, bunú grúpa nó líonra…) |
| **GT** | Gníomh Tógtha (glactha, faofa, athbhreithnithe, ráitis iarrtha agus/nó faighte, bunú, s.rl.) |
| **F** | Foilsiú an táirge insoláthartha (ailt, staidéir, tuarascáil, bunachar sonraí, tabhairt chun críche táirge insoláthartha, bunú grúpa nó líonra, s.rl.) |
| **TC** | Tabhairt chun críche táirge insoláthartha |
| **AP** | Athbhreithniú piaraí |
| **CL** | Ceardlann |
| **Comhd.** | Comhdháil Idirnáisiúnta |
| **CS** | Coiste Stiúrtha |

| | |
|---|---|
| **BB** | Cruinniú Boird Bhainistíochta |
| **FS** | Fóram Saineolaithe EIGE |
| **FS-GO GEI** | Grúpa Oibre an Fhóraim Shaineolaithe ar Innéacs an Chomhionannais Inscne |
| **FS-GO Bhéising** | Grúpa Oibre an Fhóraim Shaineolaithe ar PfA Bhéising |
| **CLT** | Cruinnithe Líonraí Téamacha |
| | (**GBV** – Foréigean Inscne / **Men** – Fir agus Fireannachtaí / **GM** – Príomhshruthú Inscne / **GS** – Steiréitíopáil Inscne / **JTF** – Tascfhórsa Iriseoirí / **NET** – Líonra ar Líonrú Úsáideach agus Éifeachtach) |
| **CRial** | Cruinniú le hIonadaithe Rialtais |
| **CC** | Cruinniú Comhairliúcháin (Eagraíocht Inmheánach / Ballstáit) |
| **? - Rx** | Dáta Beacht le socrú i Ráithe x |
| **? - TBD** | Dáta le socrú |
| **→ / dáta** | Cuireadh tús leis an staidéar seo in 2011 |
| **→** | Clúdaíonn an obair seo an WP 2012 trí chéile |

# Iarscríbhinn 3 Sineirgí idir an Obair leis an BPfA agus Innéacs an Chomhionannais Inscne

**Sineirgí agus comhtháthú idir an obair le táscairí Bhéising agus an fhorbairt ar Innéacs an Chomhionannais Inscne (GEI)**

Féadfar breathnú ar an obair leis an athbhreithniú ar tháscairí Bhéising ar leibhéal an AE agus an fhorbairt ar Innéacs an Chomhionannais Inscne mar a bheith comhlántach agus éagsúil araon:

- Tá an BPfA bunaithe ar shraith de tháscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla agus
- Déanann an tInnéacs monatóireacht ar chomhionannas inscne trí úsáid a bhaint as táscairí ilchodacha.

Léiríonn an dá tháscaire réaltacht an chomhionannais inscne ar leibhéil an AE agus na mBallstát, ach úsáideann siad modhanna difriúla chun an cás a anailísiú/a mheas. Dá bhrí sin, bíonn achair ama éagsúla i gceist leis na próisis i ndáil leis na taisc a chur i gcrích agus éilíonn siad saineolas agus cumas teicniúil difriúil. Mar sin féin, ba cheart breathnú ar an GEI mar uirlis thábhachtach chun monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme BPfA san AE.

Is creat domhanda é an BPfA a sholáthraíonn faisnéis chúlra ábhartha ar chomhionannas inscne, táscairí inscne-íogair agus foinsí sonraí, a úsáidfear i gcomhdhéanamh coincheapúil an Innéacs. Mar thoradh ar an athbhreithniú ar na réimsí imní roghnaithe den BPfA, lena n-áirítear anailís dhoimhin ar fhoinsí sonraí nua agus infhaighte, moltaí chun táscairí atá ann cheana a fheabhsú agus cinn nua a fhorbairt, beidh sé níos éasca an GEI a nuashonrú go córasach. Spreagfaidh an obair choincheapa maidir le tógáil agus nuashonrú an GEI, ar a seal, plé agus éascóidh sí feabhsú tháscairí Bhéising agus cháilíocht na sonraí atá ann cheana, chomh maith le féidearthachtaí a chruthú d'fhoinsí sonraí nua.